



Polasaí Maoirseachta Clóis
Yard Supervision Policy
Scoil na bhForbacha
17668G

Réamhrá

Leagtar amach sa pholasaí seo na nósanna imeachta maidir le maoirseacht daltaí le linn sosanna meánmhaidine agus lóin.

Réasúnaíocht

- Sábháilteacht agus leas gach dalta a chinntiú agus iad ar thailte na scoile le linn sosanna.
- Cloí le Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais.
- Soiléireacht a chur ar fáil d'fhoireann, do thuismitheoirí agus do dhaltaí maidir leis na socruithe maoirseachta.

Comhthéacs Reachtach agus Rialála

- Cuireann Rialacha 121(4) agus 124(1) de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta dualgas ar mhúinteoirí gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun sábháilteacht daltaí a chinntiú agus páirt a ghlacadh i ndualgais mhaoirseachta.
- Tá rannpháirtíocht sa Scéim Mhaoirseachta éigeantach do gach múinteoir ó bhliain scoile 2013/2014 i leith.
- Ní mór do gach múinteoir 43 uair an chloig de mhaoirseacht a chur i gcrích in aghaidh na scoilbhliana, lena n-áirítear dualgais chlóis agus clúdach d'asláithreachtaí gearrthéarmacha áirithe.
- Tá an liúntas maoirseachta ionchorpraithe anois i scála incriminteach pá na múinteoirí.

Bainistiú na Maoirseachta

- Ullmhaíonn agus bainistíonn an Príomhoide, i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, an róta maoirseachta.
- Áirítear sa róta socruithe chun clúdach a dhéanamh ar asláithreachtaí gearrthéarmacha.
- Faomhann an Bord Bainistíochta an róta agus coimeádtar é lena iniúchadh más gá.

Socruithe Maoirseachta

- Cuirtear maoirseacht ar fáil le linn gach sos ainmnithe agus ag amanna eile de réir mar is gá.
- Cinneann an Bord Bainistíochta líon na múinteoirí a bheidh ar dualgas maoirseachta, agus aird á tabhairt ar:
 - leagan amach na limistéar lasmuigh,
 - aoisghrúpaí agus riachtanais na ndaltaí,
 - sábháilteacht agus folláine iomlán na ndaltaí.

- Féadfaidh dualgais mhaoirseachta síneadh chuig spásanna laistigh den fhoirgneamh le linn drochaimsire.

Róil agus Freagrachtaí

Príomhoide

- Eagraíonn, déanann monatóireacht ar, agus glacann páirt sa mhaoirseacht.

Múinteoirí

- Déanann siad dualgais mhaoirseachta de réir an róta.
- Cinntíonn siad rannpháirtíocht ghníomhach i sábháilteacht na ndaltaí agus i mbainistiú iompair.

An Bord Bainistíochta

- Faomhann sé an róta maoirseachta.
- Cinntíonn sé go bhfuil leibhéil chuí maoirseachta i bhfeidhm.
- Tacaíonn sé le cur i bhfeidhm an pholasaí seo.

Nósanna Imeachta

- Ba chóir do mhúinteoirí a bheith in am dá ndualgais agus fanacht sna limistéir ainmnithe ar feadh thréimhse iomlán na maoirseachta.
- Ba chóir do mhúinteoirí atá ar dualgas bogadh go gníomhach timpeall an chlóis agus monatóireacht a dhéanamh ar iompar na ndaltaí.
- Tuairiscíonn múinteoirí aon teagmhais nó timpistí go pras de réir nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta agus Tuairiscithe Teagmhas na scoile.
- I gcás asláithreachta múinteora, cuirfear an socrú ionadaíochta atá leagtha amach sa róta i bhfeidhm.

Cúrsaí Sábháilteachta

- Táthar ag súil go leanfaidh daltaí Cód Iompair na scoile le linn am chlóis.
- Tá cosc ar chluichí contúirteacha nó garbha.
- Leanfar na nósanna imeachta garchabhrach i gcás aon ghortaithe a tharlaíonn le linn am chlóis.

Athbhreithniú

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo chun a chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais na Roinne Oideachais agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais phobal na scoile.



Cathaoirleach

Príomhoide

Dáta: 02/06/2026

S N na bhForbacha

Yard Supervision Policy

Introduction

This policy outlines the procedures for the supervision of pupils during mid-morning and lunchtime breaks. It reflects the Board of Management's duty of care, the responsibilities of teachers, and the requirements of Department of Education Circular 18/03.

Rationale

- To ensure the safety and welfare of all pupils while in the school grounds during breaks.
- To comply with the Rules for National Schools and relevant Department of Education circulars.
- To provide clarity for staff, parents, and pupils regarding supervision arrangements.

Legislative and Regulatory Context

- Rules 121(4) and 124(1) of the Rules for National Schools oblige teachers to take all reasonable precautions to ensure pupil safety and to participate in supervision duties.
- Participation in the Supervision Scheme is compulsory for all teachers since 2013/2014.
- Each teacher must complete 43 hours of supervision per school year, which covers yard duty and certain short-term absences.
- The supervision allowance has been subsumed into the incremental pay scale for teachers.

Management of Supervision

- The Principal, in consultation with the Board of Management, prepares and manages the supervision roster.

- The roster includes arrangements for cover during short-term absences.
- The roster is approved by the Board and retained for inspection.

Supervision Arrangements

- Supervision is provided during all designated break times and other times as required.
- The number of teachers supervising is determined by the Board of Management, taking into account:
 - the layout of the outdoor areas,
 - the age profile and needs of pupils, and
 - the overall safety and wellbeing of pupils.
- Supervision duties may also extend to indoor spaces during inclement weather.

Roles and Responsibilities

- **Principal:** Organises, monitors, and participates in supervision.
- **Teachers:** Undertake supervision duties as per the roster and ensure active engagement in pupil safety and behaviour management.
- **Board of Management:** Approves the roster, ensures adequate levels of supervision, and supports the implementation of this policy.

Procedures

- Teachers should be punctual and remain in designated areas throughout their supervision duty.
- Supervising teachers actively circulate the yard and monitor behaviour.
- Teachers report any incidents or accidents promptly in line with the school's Health and Safety and Incident Reporting procedures.
- In the event of a teacher's absence, the rostered substitute arrangement applies.

Safety Considerations

- Pupils are expected to follow the Code of Behaviour during yard time.
- Dangerous or rough play is prohibited.

- First aid procedures are followed for any injuries sustained during yard time.

Review

This policy will be reviewed regularly by the Board of Management to ensure compliance with Department of Education requirements and to meet the needs of the school community.